AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0008/2013**

**Do: Na hÚdaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna agus Scoileanna Comhphobail is Cuimsitheacha Aitheanta**
**mar aon leis**
**Na Príomh-Oifigigh Fheidhmiúcháin de Choistí Gairmoideachais**

## Buiséad 2012 – Athbhreithniú um Sheirbhís Leathan ar na Liúntais agus ar na Préimh-Íocaíochtaí Poiblí

## Múinteoirí

**Réamhrá**

1. Rinne Imlitir 3/2012 an ceadú a tharraingt siar chun liúntais ar leith a íoc don lucht sochair nua le héifeacht ó 1 Feabhra 2012, fad gan fáil fós ar thoradh an athbhreithnithe leathain um sheirbhís phoiblí ar na liúntais agus ar na préimh-íocaíochtaí. Tá an Imlitir seo mar thoradh ar an athbhreithniú sin mar a bhaineann sí le Múinteoirí agus mar ar chinn an Rialtas. Tá an Imlitir seo in ionad na hImlitreach 3/2012 (chomh fada is a bhain le Múinteoirí) agus in ionad na hImlitreach 70/2011 freisin. Toradh an athbhreithnithe, chomh fada is a bhain leis an bhFoireann Neamh-Theagaisc, cuirfear a leithéid in iúl in Imlitir ar leith.

**Scála Nua Tuarastail mar aon le Rátaí san Uair/ Laethúla d'Oidí atá Nua-Cheapaithe agus atá cáilithe is cláraithe go hiomchuí le héifeacht ó 1 Feabhra 2012.**

2. Cuireadh deireadh le liúntais cháilíochta le héifeacht ó 1 Feabhra 2012. Is é an toradh a bhí ar sin ná nach gceadófar a leithéid de liúntais a íoc a thuilleadh don chéad uair do dhuine ar bith tar éis an dáta sin ach amháin i gcás na díolúine teoranta atá leagtha amach in alt 12, thíos.

3. I gcás daoine nach mbeadh intofa íocaíocht na liúntas cáilíochta a fháil de thoradh ailt 2, thuas, cuirfear an scála tuarastail mar aon leis na rátaí san uair / laethúla ag Aguisín 1, míreanna 1 agus 2 i bhfeidhm ón uair go mbeadh an duine sin cáilithe agus cláraithe go hiomchuí.

4. Gach aon oide atá cáilithe agus cláraithe go hiomchuí a cheapfar don chéad uair ar 1 Feabhra nó ina dhiaidh sin do phost teagaisc a dhéantar a mhaoiniú ag an Oireachtas, tosóidh a leithéid d'oide ar an gcéad phointe den scála tuarastail breisíocach i bhfeidhm tar éis 1 Feabhra 2012. Is féidir go leanfaí, áfach, leis an tuarastal breisíocach a chur i bhfeidhm le haghaidh seirbhíse aitheanta iomchuí (e.g. seirbhís aitheanta teagaisc i dtír eile de Státbhall an AE). Mar an gcéanna, beidh iad san a

thréig an mhúinteoireacht in ann an tseirbhís iomchuí cheana a chur san áireamh ar filleadh dóibh, ach faoi réir ailt 5, thíos.

**Múinteoirí a bhfuil pinsean seirbhíse poiblí ag dul dóibh agus a fhilleann ar theagasc**

5. Oide ar bith ar scor a fhilleann ar theagasc ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin, tosóidh a leithéid d'oide ar an gcéad phointe den scála tuarastail breisíocach i bhfeidhm tar éis 1 Feabhra 2012. Ní bheidh na liúntais atá liostaithe ar Aguisín 2 iníoctha. Ní íocfar creidmheas bhreisíocach le haghaidh seirbhíse roimh 1 Feabhra 2012.

**Ráta pá dóibh siúd nach bhfuil cáilithe**

6. Beidh na rátaí bliantúla, san uair agus laethúla in Aguisín 1, mír 3 i bhfeidhm do-

(i) dhuine neamhcháilithe, nó

(ii) dhuine neamhchláraithe i bpost teagaisc cé is moite de cháilíochtaí aige/aice, nó

(iii) d'oide cláraithe nach bhfuil cáilithe go hiomchuí don phost inar ceapadh an t-oide ina leith agus

a leithéid d'oide bheith ceaptha ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin do phost teagaisc atá maoinithe ag an Oireachtas.

**Tarraingt siar den cheadú le haghaidh na liúntas a íoc don lucht sochair nua de mhúinteoirí**

7. Déantar an ceadú chun íocaíocht na liúntas don lucht sochair nua, atá léirithe in Aguisín 2, a tharraingt siar ó 1 Feabhra 2012 de thoradh chinneadh an Rialtais. Is é is lucht sochair nua ann ná duine nach raibh i dteideal an liúntas i gceist a fháil roimh 1 Feabhra 2012. Tá an dearcadh ar liúntas na gcáilíochtaí curtha in iúl i mír 12 thíos.

8. Liúntais dóibh siúd Ar Iasacht – tá íocaíocht na liúntas ionadaíochta don lucht sochair nua curtha ar fionraí fós, go dtí go mbeidh toradh an athbhreithnithe sa bhreis ar na liúntais ar fáil dóibh siúd ar iasacht.

**Cead chun liúntais a íoc do mhúinteoirí um lucht sochair nua**

9. Tá sé ceadaithe anois na liúntais atá liostaithe in Aguisín 3 den Imlitir seo a íoc don lucht sochair nua. Tosófar ar an íocaíocht le héifeacht ó 1 Feabhra 2012 nó ón dáta go raibh an duine i dteideal an liúntas i gceist a fháil, cé acu is déanaí.

**Cead chun liúntais a íoc do mhúinteoirí um lucht sochair nua, ach faoi réir mionathraithe / athbhreithnithe**

10. Liúntas don Phríomhoide Cúnta

Tá sé ceadaithe anois liúntas a íoc don lucht sochair nua mar Phríomhoide Cúnta agus a choibhéis (i.e. Stiúrthóir an Oideachais Aosaigh, Comhordaí na gClár ag leibhéal an POC, Múinteoir Maoirseachta agus Leas-Mhúinteoir Maoirseachta in Aonad Oideachais sa Phriosún), faoi réir cead scríofa ar leith a bheith faighte ag an CGO nó ag an scoil ó Rannóg Dáilte Múinteoirí sa Roinn seo chun a leithéid de phost a líonadh faoi na heagair faoisimh reatha ar an gcoinníoll gur rinneadh an ceapachán roimh 1 Nollaig 2012. Sa chás go bhfuil a leithéid de chead faighte ag CGO nó ag scoil agus gan an post bheith líonta fós, ba chóir don CGO nó don scoil dul i gcomhairle le rannóg na Leithdháiltí.

11. Stiúrthóir agus Stiúrthóir Cúnta VTOS

Tá sé ceadaithe anois íocaíocht liúntas a dhéanamh don lucht sochair nua mar Stiúrthóir VTOS agus mar Stiúrthóir Cúnta VTOS ar an gcoinníoll gur rinneadh an ceapachán roimh 1 Nollaig 2012. Sa chás go mbeadh sé ar intinn CGO Stiúrthóir agus Stiúrthóir Cúnta VTOS a cheapadh tar éis an dáta sin, ba chóir dóibh dul i gcomhairle le Rannóg an Ardoideachais sa Roinn seo.

**Na Liúntais Cháilíochta**

12. Daoine **a fhostaítear don chéad uair mar mhúinteoir in acmhainn cháilíochta (agus cláraithe le haghaidh ceapachán tar éis Meán Fómhair 2010) i bpost atá in acmhainn cáilithe agus atá maoinithe ag an Oireachtas ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin** beidh liúntais cháilíochta iníoctha maidir leis na cáilíochtaí sin a bronnadh ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin. Sa chás go mbronnfaí cáilíocht ar dhuine, ní bheidh liúntais iníoctha don duine sin ina inneoin fáth na cáilíochta agus dáta tosaithe an chúrsa staidéir. Is é an t-aon eisceacht a bheidh ann ná i gcás oide i bhfostaíocht ar 5 Nollaig 2011 a bhfuil i dteideal liúntas cáilíochta a fháil bunaithe ar an bpost a bhí ag an duine sin ar an dáta sin, go raibh an t-oide sin gafa i gcúrsa staidéir sa bhreis le haghaidh cáilíochta eile ar an gcoinníoll nach n-éireodh an t-oide as bheith ina mhac léinn cláraithe ar an gcúrsa roimh dheireadh an chúrsa. Is féidir lena leithéid de dhuine diolúine a lorg ón riail ghinearálta trí é sin a iarraidh ar an Roinn/CGO, mar is cuí, laistigh de thrí mhí tar éis dáta na dámhachtana.

13. Daoine **a fhostaítear don chéad uair mar mhúinteoir i bpost atá maoinithe ag an Oireachtas idir 5 Nollaig 2011 agus 31 Eanáir 2012 (**an dá dháta faoi iamh**),** déanfar déileáil leo de réir téarmaí an Rialtais a chinn uasmhéid a chur ar liúntais cháilíochta, an t-uasmhéid sin a bheadh ionann leis an uasluach comhcheangailte coibhéiseach le fochéim onóracha. Sa chás go mbeadh oide, a ceapadh don chéad uair, i dteideal liúntas a fháil laistíos de leibhéal coibhéiseach de bhunchéim onóracha, ní íocfar do a leithéid d’oide, comónta le oidí reatha, liúntais sa bhreis de thoradh cáilíochta sa bhreis a bheith bainte amach aige/aice.

14. Daoine **atá fostaithe i bpost teagaisc in acmhainn neamhcháilithe agus a bheidh i dteideal pá a fháil ag an ráta cáilíochta ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin**, lonnófar iad ar na scálaí pá mar atá léirithe ag Aguisín 1, alt (1) agus alt (2), ón dáta gur baineadh clárú agus an cháilíocht chuí amach. Ní íocfar liúntais eile ainneoin stádas cáilíochta in earnáil eile. Is féidir go mbeadh creidmheas breisíocach iníoctha i gcás seirbhíse cáilíochta in earnáil eile i.e. bunscoileanna, meánscoileanna, scoileanna comhphobail agus cuimsitheacha /scoileanna san CGO.

**Liúntais Cháilíochta nár hÉilíodh**

15. Sa chás go raibh oide i dteideal liúntas cáilíochta a fháil roimh 5 Nollaig 2011 agus ar theip ar an duine sin an liúntas a éileamh, ba chóir an t-éileamh a dhéanamh laistigh de 3 mhí ó dháta na hImlitreach seo.

16. Chun eolas sa bhreis a fháil ar an teideal atá agat ar liúntais cháilíochta, féach Aguisíní 4-7 atá ar fáil san Imlitir seo. Ba chóir a shonrú nach mbaineann na hAguisíní sin le hoidí ata fostaithe ar bhonn ócáideach.

**Liúntais da shealbhóirí reatha**

17. Ach faoi réir ailt 18, thíos, liúntas ar bith a bhí ag dul do dhuine ar 31 Eanáir 2012, leanfar ar an liúntas sin a íoc.

18. Sa chás go raibh ceann de na liúntais a leanas ag dul do mhúinteoir ar 31 Eanáir 2012, caillfear an teideal ar an liúntas sin má éiríonn an múinteoir as an jabról sin ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin

(a) Liúntas na Gaeltachta
(b) An liúntas ag dul do theagasc trí Ghaeilge
(c) Liúntas na n-oileán
(d) Liúntas atá iníoctha do Phríomhoidí scoileanna a dhéanann Clár Páirtaimseartha a thairiscint d’Aosaigh
(e) Liúntas atá inioctha do Phríomhoidí a fheidhmíonn mar Rúnaí don Bhord Bainistíochta
(f) Liúntais atá iníoctha do Phríomhoidí 5 Scoil Chomhphobal de thoradh ról bainistíochta i réimse spóirt
(g) Liúntais iníoctha do mhúinteoirí na bprintíseach i gCGO Dhún Laoghaire agus Co. Chorcaí
(h) An Scéim Réamhoibre don Soláthar Iúil
(i) Dioplóma in Oideachas Speisialta / Dioplóma le haghaidh Múinteoirí san aicme mhíchumais ar leith
(j) Honorarium
(k) Liúntas do Mhúinteoirí Cuartaíochta
(l) Liúntas um Aonad Sábháilte / Liúntas um Ógánach Mothúchánach
(m) Bainistíocht na scéime um Sholáthar Iúil

19. Maidir leis na liúntais atá liostaithe ag Alt 18 (a) go dtí (i), ní bheidh múinteoir in ann an teideal ar liúntas a thuilleamh ná a aththuilleamh ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin de bhrí nach mbeidh na liúntais sin ar fáil a thuilleadh don lucht sochair nua le héifeacht ón dáta sin.

20. Maidir leis na liúntais atá liostaithe ag Alt 18 (j) go dtí (m), beidh múinteoir in ann an teideal ar liúntas a thuilleamh nó a aththuilleamh ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin má aistríonn an duine sin go dtí jabról ina mbeidh liúntas iníoctha.

21. Sa chás go mbeadh múinteoir athlonnaithe faoin scéim chomhaontaithe athlonnaithe, ní féidir glacadh leis gur "éirí as" é sin de réir cuspóirí na hImlitreach seo.

**Dioplóma in Oideachas Speisialta (DOS)**

22. I gcás sealbhóirí an Dioplóma in Oideachas Speisialta/ Múinteoirí in aicme mhíchumas ar leith, tá an liúntas dóibh siúd iníoctha sa chás go mbeidh a leithéid de mhúinteoir ag feidhmiú i bpost intofa ar 31 Eanáir 2012 nó roimhe sin agus go mbeidh cúrsa staidéir ábhartha comhlánaithe ag an duine sin nó go raibh sé/sí gafa go hiomlán i gcúrsa ábhartha de réir Ailt 12, thuas. Na múinteoirí sin nach mbeidh an liúntas DOS ar fáil acu, caithfidh siad iarratas a dhéanamh laistigh de na teorainneacha ama do na liúntais cháilíochta.

23. An intofacht ar íocaíocht an liúntais, cuirfear deireadh lena leithéid sa chás go dteipeann an múinteoir na dualgais a bhaineann leis an bpost sin a chomhlíonadh nó go n-aistríonn an múinteoir ón bpost sin *mura* go raibh liúntas ar fáil ag an múinteoir a chaith 4 bliana sa ról a bhain le Riachtanais um Oideachas Speisialta agus go ndearna an t-údarás scoile an múinteoir sin a athlonnú go héigeantach ó ról DOS go dtí ról eile laistigh den scoil NÓ go bhfuil sé/sí athlonnaithe go héigeantach go dtí scoil eile. Is féidir go mbeadh teideal fós ag an múinteoir an liúntas a choinneáil sa chás go dearbhaíonn an t-údarás scoile go bhfuil an múinteoir ag déanamh ranníocaíocht fós don ghníomhaíocht laistigh den scoil a bhaineann le Riachtanais um Oideachas Speisialta.

**Gníomhú Aníos / Liúntais um Ard-Dhualgais**

24. Cuirfear na heagair in iúl trí Imlitir ar leith.

**Liúntas Maoirseora & Ionadaíochta**

25. Cuirfear na heagair in iúl trí Imlitir ar leith.

**Sceapadh**

26. Ar mhiste a dheimhniú go ndéanfar cóipeanna den Imlitir seo a sholáthar don Bhord Bainistíochta / don Choiste Gairmoideachais agus aird na múinteoirí uile a fhostaítear sa scoil a dhíriú ar ábhar na himlitreach mar aon leo siúd ar saoire neamhláithreachta.

27. Is féidir teacht ar an Imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi http://www.education.ie

Dalton Tattan
Múinteoirí/ SNAanna
An tAonad um Théarmaí & Choinníollacha
25 Eanáir 2013

P. Maloney
An tAonad Párolla
25 Eanáir 2013

**Aguisín 1**

**1. Scála Tuarastail do Mhúinteoirí Cáilithe agus Cláraithe go iomhchuí a Chéadcheaptar le héifeacht ó 1 Feabhra 2012:**

| Pointe | |
|---|---|
| 1 | € 30,702 |
| 2 | € 32,198 |
| 3 | € 33,168 |
| 4 | € 34,136 |
| 5 | € 36,576 |
| 6 | € 37,795 |
| 7 | € 39,251 |
| 8 | € 40,700 |
| 9 | € 42,160 |
| 10 | € 43,380 |
| 11 | € 44,996 |
| 12 | € 44,996 |
| 13 | € 44,996 |
| 14 | € 47,225 |
| 15 | € 47,225 |
| 16 | € 47,225 |
| 17 | € 47,225 |
| 18 | € 50,170 |
| 19 | € 50,170 |
| 20 | € 50,170 |
| 21 | € 50,170 |
| 22 | € 53,423 |

**2. Rátaí pá laethúla agus don uair le haghaidh Múinteoirí páirtaimseartha agus ionadaíochta atá cáilithe agus cláraithe go iomchuí a chéadcheaptar le héifeacht ó 1 Feabhra 2012:**

| | |
|---|---|
| Ráta fánach laethúil i mbunscoil (múinteoir cáilithe) | € 159.62 |
| Ráta don uair i mbunscoil (cáilithe) | € 31.92 |
| Ráta fánach don uair in iarbhunscoil (cáilithe) | € 38.87 |

**3. Ráta pá neamhcháilithe le héifeacht ó 1 Feabhra 2012:**

| | |
|---|---|
| Ráta bliantúil in iarbhunscoil (neamhcháilithe) | €27,814 |
| Ráta don uair in iarbhunscoil (neamhcháilithe) | € 36.76 |
| Ráta bliantúil i mbunscoil (neamhcháilithe) | €24,619 |
| Ráta laethúil i mbunscoil (neamhcháilithe) | €115.12 |
| Ráta don uair i mbunscoil (neamhcháilithe) | € 26.91 |
| Ráta fánach don uair i mbunscoil (neamhcháilithe) | € 23.02 |

**Aguisín 2**

**Tarraingt siar na liúntas faoina bhfuil cead íocaíochta tugtha le haghaidh múinteoirí um lucht saothair nua**

**(a) Liúntais cháilíochta**:

- Ardteastas in Oideachas/ PGDE (pas)
- Ardteastas in Oideachas/ PGDE (onóracha)
- Bunchéim (pas)
- Bunchéim (onóracha)
- Máistirchéim (pas)
- Máistirchéim (onóracha)
- Céim Dhochtúireachta
- Ard Teastas Gaeilge

**(b) Liúntais le haghaidh rólanna poist/ eile**:

- Dioplóma in Oid. Speisialta/ Dioplóma le haghaidh Múinteoirí a dhéanann déileáil le Leanaí atá Bodhar, Dall nó Faoi Bhac Meabhrach nó Coirp
- Liúntas Gaeltachta

- Liúntas de thoradh bheith ag teagasc trí Ghaeilge
- Liúntas na nOileán
- Liúntas iníoctha do Phríomhoidí scoileanna a chuireann Clár Oideachais páirtaimseartha d'Aosaigh ar fáil
- Liúntas iníoctha do Phríomhoidí a fheidhmíonn mar rúnaí den Bhord Bainistíochta
- Liúntas iníoctha do Phríomhoidí 5 Scoil Chomhphobail de thoradh a ról bainistíochta i gcoimpléisc spóirt
- Liúntais iníoctha do mhúinteoirí na bprintíseach i gCGO Dhún Laoghaire agus Co. Chorcaí
- Réamhobair don Scéim Sholáthair i mí Iúil

## Aguisín 3

**Na liúntais atá ceadaithe mar íocaíocht do mhúinteoirí um lucht saothair nua**

- Príomhoide
- Leasphríomhoide
- Táille
- Liúntas don Mhúinteoir Cuartaíochta
- Liúntas um Aonad Sábháilte/ Liúntas um Ógánach Corraithe
- Liúntas do mhúinteoirí a bhfuil 35 bliain seirbhíse slánaithe acu
- Bainistíocht na scéime soláthair um mhí Iúil (Liúntas Maoirseora)

**Aguisín 4**

# Liúntais Poist ag leibhéal Bunoideachais agus Iarbhunoideachais

**Cnámhscéal 1:** -Coinním ceann amháin de na liúntais a leanas ar 31 Eanáir 2012:-

- Liúntas na Gaeltachta
- Liúntas de bharr teagasc trí Ghaeilge
- Liúntas na n-oileán
- Liúntais iníoctha do Phríomhoidí mar rúnaí Bord Bainistíochta
- Liúntais iníoctha do Phríomhoidí 5 Scoil Chomhphobail as ucht ról bainistíochta i gcoimpléisc spóirt
- Liúntas iníoctha do mhúinteoirí printíseach sna GCO Dhún Laoghaire agus Co. Chorcaí
- Liúntas iníoctha do Phríomhoidí scoileanna a chuireann Clár Páirtaimseartha ar fáil d'Aosaigh
- Réamhobair gafa ag Scéim Sholáthair Iúil

→ Tá mé lonnaithe go héigeantach as mo phost reatha ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin
→ Coimeádfaidh tú na liúntais phoist reatha.

→ Déanaim scoil / fostóir / ról oibre a athrú go deonach ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin
→ Tiocfaidh deireadh le do liúntais phoist reatha ón dáta a dhéanann tú do scoil, d'fhostóir, do phost a athrú. Ní bheidh tú i dteideal intofacht a éileamh ar na liúntais sin má athraíonn tú go post ar leith ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin.

**Cnámhscéal 2:**- Coinním an liúntas a leanas ar 31 Eanáir 2012:-

- Dioplóma in Oideachas Speisialta / Dioplóma do mhúinteoirí in aicme míchumas ar leith

→ Bhí an liúntas SEN ar fáil agam ar feadh níos mó ná 4 bhliana agus tá mé lonnaithe go héigeantach as mo phost reatha ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin
→ Coimeádfaidh tú na liúntais phoist reatha

→ Bhí an liúntas SEN ar fáil agam ar feadh níos lú ná 4 bhliana agus tá mé lonnaithe go héigeantach as mo phost reatha ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin
→ Déanaim scoil / fostóir / ról oibre a athrú go deonach ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin
→ Tugadh ardú céime dom mar Phríomhoide NÓ éirím as na dualgais a bhaineann le post um riachtanais speisialta a chomhlíonadh
→ Tiocfaidh deireadh le do liúntais phoist reatha ón dáta a dhéanann tú do scoil, d'fhostóir, do phost a athrú. Ní bheidh tú i dteideal intofacht a éileamh ar na liúntais sin má athraíonn tú go post ar leith ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin.

**Cnámhscéal 3:**- Thosaigh mé ag obair sna réimsí thíos ar 31 Eanáir 2012 nó roimhe sin ach níl liúntas SEN ag teacht chugam faoi láthair:-

- Múinteoir acmhainneach / múinteoir Rang Speisialta / Múinteoir i Scoil Speisialta

→ Thosaigh mé ar fhostaíocht mar mhúinteoir cáilithe go hiomchuí (agus cláraithe le haghaidh ceapachán tar éis Meán Fómhair 2010) san earnáil phoiblí ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin agus tá mé i seilbh cáilíocht ar leith i Riachtanais Speisialta a bronnadh orm ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin é sin (1) nó (2) bhí mé ag tabhairt faoi chúrsa staidéir ar bhonn gníomhach a bhí dírithe ar cháilíocht ar leith in Oideachas um Riachtanais Speisialta ar 5 Nollaig 2011 *(Ba chóir deireadh a bheith ag na cúrsaí sa bhliain acadúil 2011/2012)*
→ Tá tú i dteideal íocaíocht an liúntais SEN a fháil ó Mheán Fómhair tar éis an dáta ina bhronntar an cháilíocht ábhartha SEN ort
→ Tá coinneáil an liúntais bunaithe ar chnámhscéal (2) thuas.

→ Thosaigh mé ar fhostaíocht mar mhúinteoir cáilithe agus cláraithe go hiomchuí san earnáil phoiblí idir 5 Nollaig 2011 agus 31 Eanáir 2012 (araon faoi iamh) agus tá mé i seilbh cáilíocht ar leith i Riachtanais Speisialta a bronnadh orm ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin.
→ Déanfar tú a mheasúnú ar an SEN agus ar na Liúntais Cháilíochta araon tráth iontráil duit don ghairm. Beidh uasluach an mheasa sin ionann agus liúntas bunchéime onóracha / céim mháistir pas. Ní íocfar liúntais sa bhreis a thuilleadh tráth iontráil isteach sa ghairm.

**Cnámhscéal 4:**- Thosaigh mé / tosóidh mé ag obair i gceann amháin de na réimsí thíos ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin:-

- Réigiún Gaeltachta
- Ag teagasc trí Ghaeilge
- Oileán amach ón gcósta
- Príomhoide a bheidh ag feidhmiú mar rúnaí den Bhord Bainistíochta
- Príomhoide de cheann amháin de na 5 Scoil Chomhphobail ar leith a bheidh ag tabhairt faoi ról bainistíochta i gcoimpléasc spóirt
- Múinteoir printíseach sna CGO i nDún Laoghaire nó i gCo. Chorcaí
- Réamhobair gafa ag Scéim Sholáthair Iúil
- Phríomhoide scoile a chuireann Clár Páirtaimseartha ar fáil d'Aosaigh
- Múinteoir acmhainneach / múinteoir Rang Speisialta / Múinteoir i Scoil Speisialta

→ Ní bheidh tú i dteideal liúntais sa bhreis le haghaidh an phoist sin.

**Cnámhscéal 5:**- Tá ceann de na liúntais seo a leanas i mo sheilbh NÓ bhog mé chuig ceann de na rólanna oibre seo a leanas ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh:-

- Honorarium
- Liúntas do Mhúinteoirí Cuartaíochta
- Liúntas um Aonad Sábháilte/ Liúntas um Ógánach Mothúnach
- Bainistíocht na scéime um Sholáthar Iúil (liúntas maoirseora)

→ Tá mé lonnaithe go héigeantach as mo phost reatha ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin
→ Coimeádfaidh tú na liúntais phoist reatha

→ Déanaim scoil / fostóir / ról oibre a athrú go deonach ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin
→ Tiocfaidh deireadh le do liúntais phoist reatha ón dáta a dhéanann tú do scoil, d'fhostóir, do phost a athrú. Ní bheidh tú i dteideal intofacht a éileamh ar na liúntais sin má athraíonn tú go post ar leith ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin.

**Aguisín 5**

# Liúntais Cháilíochta ag an leibhéal Bunscoile agus Iarbhunscoile – Scéimeanna Infheidhmithe

**Ceist 1:**
**An dáta ar thosaigh tú fostaíocht i bpost teagaisc íoctha ag an Roinn/an CGO**

**+**

**Ceist 2:**
**An dáta a bronnadh do cháilíocht ort, NÓ má tú gafa le staidéar, an dáta ar thosaigh do chúrsa staidéir?**

**=**

**Na liúntais a bhain leis an Scéim Infheidhmithe Cháilíochta**

---

Fostaíodh mé don chéad uair mar mhúinteoir ar bhonn cáilithe i bpost maoinithe ag an Oireachtas ar 31 Nollaig 2010 nó roimhe sin
*(rochtain do na scálaí tuarastail agus do na liúntais roimh 2011 mar is ábhartha)*
**Tabhair faoi deara:** tá rochtain do na rátaí cáilithe pá do dhaoine ceaptha ar 1 Meán Fómhair 2010, nó ina dhiaidh sin, ag brath ar cháilíochtaí cuí AGUS clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Fostaíodh mé don chéad uair mar mhúinteoir i bpost maoinithe ag an Oireachtas ar bhonn cáilithe agus cláraithe idir 1 Eanáir 2011 agus 4 Nollaig 2011
(araon faoi iamh)
*(rochtain do na scálaí tuarastail agus do na liúntais Eanáir 2011 mar is ábhartha)*

→ Tá mé i seilbh cáilíochta a bronnadh ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin

→ Tá mé i seilbh cáilíochta nár bronnadh ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin ach ar thosaigh mé ar 5 Nollaig 2011 nó roimhe sin

→
- Íocfar liúntas duit don cháilíocht de réir na scéime liúntas roimh Nollaig 2011, (féach Aguisíní 6 & 7)
- Caithfidh **tú cur isteach ar liúntais faoin scéim reatha laistigh de thrí mhí de dháta eisiúna na himlitreach seo** nó, áit a raibh cúrsa staidéir idir lámha agat ar 5 Nollaig 2011, **laistigh de thrí mhí** tar éis dáta bronnta na dámhachtana nó trí mhí tar éis filleadh ar phárolla (ROS nó CGO).
- Ar mhiste a shonrú nach ndéanfar na liúntais don leibhéal onóracha a athmheas chomh fada is a bhain siad leis na cáilíochtaí faoi go raibh liúntas ar fáil agat ina leith cheana. Ní féidir athghrádú siarghabhálach a dhéanamh ar dhámhachtainí acadúla chun liúntais a mheas.

→ Thosaigh mé ar cháilíocht ar 6 Nollaig 2011 nó ina dhiaidh sin

→ Níl tu i dteideal liúntas sa bhreis a fháil don cháilíocht seo.

---

Fostaíodh mé don chéad uair mar mhúinteoir i bpost maoinithe ag an Oireachtas ar bhonn cáilithe agus cláraithe idir 5 Nollaig 2011 agus 31 Eanáir 2012
(araon faoi iamh)
*(rochtain do na scálaí tuarastail Eanáir 2011, caidhpeáil ar liúntais ag an leibhéal fo-céimithe onóracha / máistir pas mar is ábhartha)*

→
- Deanfar do chuid cáilíochtaí a mheas tráth d'iontráil ar na scálaí tuarastail.
- Gheobhaidh tú liúntais chomhcheangailte ar uasluach díobh coibhéiseach le bunchéim onóracha / céim mháistir pas.
- Níl liúntais cháilíochta sa bhreis iníoctha le haghaidh cáilíochtaí a bhaintear amach tar éis 5 Nollaig 2011.

---

Bhí mé fostaithe i bpost teagaisc maoinithe ag an Oireachtas agus curtha ar ráta pá do mhúinteoirí neamh-oilte/ ráta pá neamhcháilithe ar bhonn amháin de na nithe seo a leanas:-
(i) duine neamhcháilithe, nó
(ii) duine neamhchláraithe i bpost teagaisc céadcheaptha ar 1 Meán Fómhair 2010 nó ina dhiaidh sin nó ceaptha chuig post teagaisc i ndiaidh briseadh seirbhíse ar 1 Meán Fómhair 2010 ainneoin na cáilíochtaí atá i seilbh an duine nó
(iii) múinteoir cláraithe nach bhfuil cáilithe go hiomchuí agus/ nó cláraithe go hiomchuí don phost/ earnáil ina bhfuil sé/ sí ceaptha.

→
- Íocfar thú ar ráta pá múinteoirí neamh-oilte/ ráta neamhcháilithe pá ar an scála pá iomchuí bunaithe ar an gcéad dáta ceapacháin.
  - (i) roimh Eanáir 2011
  - (ii) Eanáir 2011 – 31 Eanáir 2012
  - (iii) 1 Feabhra 2012

→ Comhlíonaim na coinníollacha le haghaidh ráta pá cáilithe ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin:-
(i) Ceapadh thú chuig post teagaisc faoina bhfuil tú cáilithe/ go bhfuil cáilíochtaí aimsithe agat atá oiriúnach don phost/ earnáil
AGUS
(ii) le haghaidh ceapachán ar 1 Meán Fómhair 2010 nó ina dhiaidh sin go bhfuil tú i seilbh clárú iomchuí leis an gComhairle Mhúinteoireachta

---


Fostaíodh mé don chéad uair mar mhúinteoir i bpost maoinithe ag an Oireachtas ar bhonn cáilithe agus cláraithe ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin NÓ
Is múinteoir mé a fhaigheann pinsean agus mé ag tabhairt faoi chonradh fostaíochta nua i ndiaidh briseadh seirbhíse ar 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh sin.

→
- Íocfar thú ar scalaí tuarastail Mí Feabhra 2012 faoi mar atá léirithe in Aguisín 1, míreanna 1 agus 2.
- Níl tú i dteideal liúntas cáilíochta ar bith sa bhreis a fháil is cuma má bhronnadh liúntais cheana ort le haghaidh seirbhís cháilithe in earnáil eile.
- D'fhéadfá a bheith i dteideal creidmheas breisíocach le haghaidh taithí múinteoireachta agus taithí ábhartha neamh-mhúinteoireachta *(níl taithí múinteoireachta nó neamh-mhúinteoireachta i gceist do mhúinteoirí cláraithe a fhilleann ar theagasc tar éis pisean seirbhíse poiblí a fháil).*

**Aguisín 6**

## Liúntais Cháilíochta do Mhúinteoirí fostaithe ag an leibhéal Iarbhunoideachais

*Treoir do dhaoine atá fostaithe i bpoist teagaisc maoinithe ag an Oireachtas in achmhainn cáilithe (agus le haghaidh múinteoirí ceaptha i ndiaidh 1 Meán Fómhair2010, cláraithe) ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin agus*
*atá i seilbh cáilíocht ábhartha mar críoch aige ar 4 Nollaig 2011 nó a bhí i mbun cúrsa staidéir ar bhonn gníomhach ar 5 Nollaig 2011.*




** Is féidir go mbeadh ballraíocht aicmí gairmiúla ar leith intofa chun liúntas bhunchéim onóracha a fháil faoina coinníollacha a leanas:-
a) Múinteoir i seilbh céim ghnó móide céimí *nó* ballraíocht iomlán *reatha* de cheann amháin de ACCA, ICAI, CPA nó CIMA.
b) *Céimí d'Institiúid na Matamaitice agus a cuid feidhmithe* sa chás go mbronntar í de thoradh scrúduithe faoi smacht an IMA agus onórach mar thoradh air
c) *Ceimí den Institiúid Ríoga Fisice* bronnta le onóracha meánach nó ard san scrúdú deireanach
d) *Céimí den Institiúid Ríoga (Sochaí) Ceimice* a bronnadh le Pas i bPáirt 11 den Scrúdú Céimithe den Institiúid
e) Múinteoir i seilbh cheana féin de bhunchéim inghlactha agus go bhfuil pas faighte sa *Scrúdú Céimithe d'Institiúid na Bitheolaíochta*


- Tá a bhfuil thuas curtha le chéile **mar threoir ghinearálta ar na liúntais agus ar sin amháin.** Beidh an leibhéal liúntas beann ar dháta agus ar na torthaí a fuarthas san dámhachtain acadúil mar a bheidh deimhnithe ag an dream dámhachtana.
- Muna mbronntar liúntas ag an leibhéal onóracha ort, is féidir achomharc a dhéanamh leis an gCoiste Achomhairc um Liúntais Cháilíochta laistigh de 4 seachtain den chinneadh an liúntas ag an leibhéal onóracha a dhiúltú. Cuirfear sonraí an phróisis achomhairc ar fáil leis an gcinneadh diúltaithe.
- **Caithfidh tú cur isteach ar liúntais faoin scéim reatha laistigh de thrí mhí d'eisiúint na hImlitreach seo** nó, sa chás go raibh tú gafa i gcúrsa staidéir ar 5 Nollaig 2011, **laistigh de thrí mhí** tar éis bhronnadh na dámhachtana. **Foirmeacha iarratais ar fáil ar www.education.ie**

**Ar mhiste a shonrú nach ndéanfar na cáilíochtaí faoina bhfuair tú liúntas cheana a athmheas le haghaidh liúntais ag an leibhéal onóracha a fháil. Ní dhéanfar na dámhachtainí acadúla a athghrádú go haisbhreathnaitheach d'aon ghnó chun na liúntais a mheas.**

**Aguisín 7**

# Liúntais Cháilíochta do Mhúinteoirí fostaithe ag an leibhéal Bunscoileanna

*Treoir do dhaoine atá fostaithe i bpoist teagaisc maoinithe ag an Oireachtas in achmhainn cáilithe (agus le haghaidh múinteoirí ceaptha i ndiaidh 1 Meán Fómhair 2010, cláraithe) ar 4 Nollaig 2011 nó roimhe sin agus atá i seilbh cáilíocht ábhartha mar críoch aige ar 4 Nollaig 2011 nó a bhí i mbun cúrsa staidéir ar bhonn gníomhach ar 5 Nollaig 2011.*




* Is é is réimse teoranta ann ná Scoil nó ranganna do pháistí ar a bhfuil Dianmhhíchumas agus Domhainmhíchumas Foghlamtha Ginearálta nó Monmhichumas Ginearálta Foghlamtha nó Meánhichumas Foghlamtha Ginearálta nó daltaí atá Domhainbhodhar nó daltaí ar a bhfuil Bac Éisteachta nó daltaí ar a bhfuil Suaitheadh nó Diansuaitheadh Mothúchánach nó daltaí ar a bhfuil Ilbhaic nó daltaí ar a bhfuil Mí-Ord Sainiúil Teanga agus Urlabhra mar aon le daltaí ar a bhfuil Uathachas nó Mí-Ord Speictream an Uathachas

** Sa chás go mbeidh a leithéid de mhúinteoir fostaithe ar bhonn Ionadaíochta is é an tUasliúntas um Chéim Bhaitsiléara Pas/onóracha a bheidh iníoctha

- Tá a bhfuil thuas curtha le chéile **mar threoir ghinearálta ar na liúntais agus ar sin amháin.** Beidh an leibhéal liúntas beann ar dháta agus ar na torthaí a fuarthas san dámhachtain acadúil mar a bheidh deimhnithe ag an dream dámhachtana.
- **Caithfidh tú cur isteach ar liúntais faoin scéim reatha roimh 30 Aibreán 2013** nó, sa chás go raibh tú i mbun cúrsa staidéir ar bhonn gníomhach ar 5 Nollaig2011, **laistigh de thrí mhí** tar éis bhronnadh na dámhachtana. **Foirmeacha iarratais ar fáil ar www.education.ie**
- **Ar mhiste a shonrú nach ndéanfar na cáilíochtaí faoina a bhfuair tú liúntas cheana a athmheas le haghaidh liúntais ag an leibhéal onóracha a fháil. Ní dhéanfar na dámhachtainí acadúla a athghrádú go haisbhreathnaitheach d'aon ghnó chun na liúntais a mheas.**